

## B R O L L ACH

Seasaimid ag tráth ríthábhachtach i stair an Domhain, tráth a gcaithfidh an chine daonna a thodhchaí a roghnú. De réir mar a n-éiríonn an domhan níos idirspleách agus leochaileach, tá baol mór agus gealltanas iontach ag an todhchaí láithreach. Chun dul ar aghaidh ní mór dúinn a aithint gur teaghlach daonna amháin agus pobal amháin ar domhan muid a bhfuil cinniúint choiteann againn i measc éagsúlacht iontach cultúir agus foirmeacha beatha. Ní mór dúinn teacht le chéile chun sochaí inbhuanaithe dhomhanda a thabhairt amach atá bunaithe ar mheas ar an dúlra, ar chearta uilíocha an duine, ar cheartas eacnamaíoch, agus ar chultúr na síochána. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach go bhfógróimidne, pobail an Domhain, ár bhfreagracht dá chéile, do phobal níos mó an tsaoil, agus do na glúnta atá le teacht.

### **An Domhan, Ár mBaile**

Tá an cine daonna mar chuid de chruinne ollmhór atá ag teacht chun cinn. Tá an Domhan, ár mbaile, beo le pobal uathúil den saol. Is eachtra éilitheach éiginnte é fórsaí an dúlra, ach chuir an Domhan na coinníollacha atá riachtanach d'éabhlóid an tsaoil ar fail. Braitheann athléimneacht phobal na beatha agus folláine na daonnachta ar bhithsféar sláintiúil a chaomhnú lena chórais éiceolaíochta go léir, éagsúlacht shaibhir plandaí agus ainmhithe, ithreacha torthúla, uiscí íona, agus aer glan. Is ábhar imní coitianta do gach pobal an timpeallacht dhomhanda lena acmhainní críochna. Iontaobhas naofa is ea beogacht, éagsúlacht agus áilleacht an Domhain a chosaint.

### **An Staid Dhomhanda**

Is iad na patrúin ceannasacha táirgthe agus tomhaltais is cúis le léirscrios comhshaoil, ídiú acmhainní, agus díothú ollmhór speiceas. Tá an bonn á baint de phobail. Ní roinntear buntáistí na forbartha go cothrom agus tá an bhearna idir saibhir agus bocht ag leathnú. Tá éagothroime, bochtaineacht, aineolas, agus coinbhleacht fhoréigneach forleathan agus is cúis le fulaingt mhór. Tá ardú gan fasach ar dhaonra an duine tar éis ró-ualach a chur ar chórais éiceolaíochta agus sóisialta. Tá bunús na slándála domhanda i mbaol. Tá na treochnaí seo contúirteach— ach níl siad dosheachanta.

## **Na Dúshláin Romhainn**

Is linne an rogha: comhpháirtíocht dhomhanda a chruthú chun aire a thabhairt don Domhan agus dá chéile nó scrios a dhéanamh orainn féin agus ar éagsúlacht na beatha. Tá gá le hathruithe bunúsacha inár luachanna, institiúidí agus bealaí maireachtála. Ní mór dúinn a thuiscint, nuair a bhíonn na bunriachtanais comhlíonta, go mbaineann forbairt dhaonna go príomha le bheith níos mó, gan níos mó a bheith agat. Tá an t-eolas agus an teicneolaíocht againn chun soláthar a dhéanamh do chách agus chun ár dtionchair ar an gcomhshaol a laghdú. Tá deiseanna nua á gcruthú ag teacht chun cinn sochaí sibhialta domhanda chun domhan daonlathach agus daonnachtúil a thógáil. Tá ár ndúshláin chomhshaoil, eacnamaíocha, pholaitiúla, shóisialta agus spioradálta idirnasctha, agus le chéile is féidir linn réitigh chuimsitheacha a chruthú.

## **Freagracht Uilíoch**

Chun na hardaimheanna seo a bhaint amach, ní mór dúinn cinneadh a dhéanamh maireachtáil le braistint freagrachta uilíoch, sinn féin a aithint le pobal iomlán na Cruinne chomh maith lenár bpobail áitiúla. Is saoránaigh de náisiúin éagsúla sinn láithreach agus de dhomhan amháin ina bhfuil nasc idir an tír áitiúil agus an domhan. Comhroinneann gach duine freagracht as folláine an dteaghlaigh dhaonna agus an t-saol mór, faoi láthair agus amach anseo. Neartaítear spiorad na dlúthpháirtíochta dhaonna agus an ghaoil leis an saol ar fad nuair a mhairimid le h-ómós do rúndiamhair an duine, buíochas as bronntanas na mbeatha, agus umhlaíocht maidir le maidir le háit an duine sa nádúr.

Tá géarghá againn le comhfhís de bhunluachanna chun bonn eiticiúil a sholáthar do phobal an domhain atá ag teacht chun cinn. Dá bhrí sin, le chéile le dóchas, dearbhaímid na prionsabail idirspleácha seo a leanas maidir le slí mhaireachtála inbhuanaithe mar chomhchaighdeán trína ndéanfar iompar gach duine aonair, eagraíocht, gnóthas, rialtas agus institiúid trasnáisiúnta a threorú agus a mheasúnú.

Prionsabail

## I. MEAS AGUS CÚRAM DO PHOBAL NA BEATHA

### 1. Meas ar an Domhan agus ar an bheatha ina éagsúlacht go léir.

- Aithin go bhfuil gach neach idirspleách agus go bhfuil luach ag gach cineál saoil beag beann ar a luach don duine.
- Dearbhaigh creideamh i ndínit bhunúsach gach cine daonna agus i bpoitéinseal intleachtúil, ealaíonta, eiticiúil agus spioradálta an chine dhaonna.

### 2. Tabhair aire do phobal na beatha le tuiscint, le comhbhá agus le grá.

- Glac leis go dtagann an dualgas chun dochar don chomhshaol a chosc agus cearta daoine a chosaint leis an gceart chun acmhainní nádúrtha a shealbhú, a bhainistiú agus a úsáid.
- Deimhnigh go dtagann freagracht mhéadaithe as an leas coiteann a chur chun cinn le breis saoirse, eolais agus cumhachta.

### 3. Sochaithe daonlathacha a thógáil atá cóir, rannpháirteach, inbhuanaithe agus síochánta.

- Cinntiú go ráthaíonn pobail ar gach leibhéal cearta daonna agus saoirsí bunúsacha agus go dtabharfaidh siad deis do gach duine a gcumas a bhaint amach.
- Ceartas sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, ag cur ar chumas gach duine slí bheatha shlán le brí a bhaint amach atá freagrach ó thaobh na héiceolaíochta de.

### 4. Deolchaire agus áilleacht an Domhain a shlánú don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht.

- A aithint go bhfuil saoirse gníomhaíochta gach glúin cáilithe ag riachtanais na nglúnta atá le teacht.
- A tharchur chuig na glúnta atá le teacht luachanna, traidisiúin, agus institiúidí a thacaíonn le borradh fadtéarmach phobail daonna agus éiceolaíochta an Domhain. Chun na ceithre ghealltanais leathana sin a chomhlíonadh, is gá:

## II. SÍONRAÍOCHT ÉICEOLAÍOCHTA

### 5. Sláine chórais éiceolaíochta an Domhain a chosaint agus a athchóiriú, agus aird ar leith á tabhairt ar éagsúlacht bhitheolaíoch agus ar na próisis nádúrtha a chothaíonn an bheatha.

- Pleananna agus rialacháin forbartha inbhuanaithe a ghlacadh ag gach leibhéal a fhágann go mbeidh caomhnú agus athshlánú comhshaoil ina gcuid dhílis de gach tionscnamh forbartha.
- Tearmainn dúlra agus bithsféir inmharthana a bhunú agus a chosaint, lena n-áirítear tailte fiáine agus limistéir mhuirí, chun córais tacaíochta beatha an Domhain a chosaint, bithéagsúlacht a chothabháil agus ár n-oidhreacht nádúrtha a chaomhnú.
- Téarnamh speiceas agus éiceachórais atá i mbaol a chur chun cinn.

- d. Orgánaigh neamhdhúchasacha nó géinmhodhnaithe a dhéanann dochar do speicis dhúchasacha agus don chomhshaol a rialú agus a dhíothú, agus cosc a chur ar thabhairt isteach orgánach díobhálach den sórt sin.
- e. Bainistiú a dhéanamh ar úsáid acmhainní in-athnuaite amhail uisce, ithir, táirgí foraoise, agus saol na mara ar bhealaí nach sáraíonn na rátaí athghiniúna agus a chosnaíonn sláinte na n-éiceachóras.
- f. Bainistiú a dhéanamh ar eastóscadh agus úsáid acmhainní neamh-inathnuaite amhail mianraí agus breoslaí iontaise ar bhealaí a íoslaghdaíonn ídiú agus nach ndéanann aon damáiste tromchúiseach don chomhshaol.

**6. Cosc a chur ar dhochar mar an modh is fearr chun an comhshaol a chosaint agus, nuair a bhíonn eolas teoranta, cuir cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm.**

- a. Gníomhú chun an fhéidearthacht go ndéanfaí dochar tromchúiseach nó dochúlaithe don chomhshaol a sheachaint fiú nuair a bhíonn eolas eolaíoch neamhiomlán nó neamhchonclúideach.
- b. An dualgas cruthúnais a leagan orthu siúd a áitíonn nach ndéanfaidh gníomhaíocht mholta dochar suntasach, agus na páirtithe atá freagrach as dochar don chomhshaol a dhéanamh.
- c. A chinntiú go dtéann cinnteoireacht i ngleic le hiarmhairtí carnacha, fadtéarmacha, indíreacha, fadraoin agus domhanda gníomhaíochtaí daonna.
- d. Cosc a chur ar thruailliú aon chuid den chomhshaol agus gan aon mhéadú ar shubstaintí radaighníomhacha, tocsaineacha nó guaiseacha eile.
- e. Seachain gníomhaíochtaí míleata a dhéanann dochar don chomhshaol.

**7. Glac le patrúin táirgthe, tomhaltais agus atáirgeadh a chosnaíonn cumas athghiniúna an Domhain, cearta an duine agus leas an phobail.**

- a. Na hábhair a úsáidtear i gcórais táirgthe agus tomhaltais a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil, agus cinntigh gur féidir le córais éiceolaíochta dramhaíl iarmharach a chomhshamlú.
- b. Gníomhú le srianadh agus le héifeachtúlacht agus tú ag úsáid fuinnimh, agus bí ag brath níos mó ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ar nós na gréine agus na gaoithe araon.
- c. Forbairt, glacadh agus aistriú cothrom teicneolaíochtaí atá slán ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn.
- d. Costais iomlána chomhshaoil agus shóisialta ar earraí agus ar seirbhísí a inmheánú sa phraghas díola, agus cur ar chumas tomhaltóirí táirgí a chomhlíonann na caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil is airde a shainaithint.
- e. Rochtain uilíoch ar chúram sláinte a chinntiú a chothaíonn sláinte atáirgthe agus atáirgeadh freagrach.
- f. Glacadh le stíleanna maireachtála a chuireann béim ar cháilíocht na beatha agus ar leordhóthanacht ábhar i ndomhan teoranta.

**8. An staidéar ar inbhuanaitheacht éiceolaíoch a chur chun cinn agus malartú oscailte agus cur i bhfeidhm leathan an eolais a fuarthas a chur chun cinn.**

- a. Tacú le comhar idirnáisiúnta eolaíoch agus teicniúil maidir le hinbhuanaitheacht, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na náisiún i mbéal forbartha.
- b. An t-eolas traidisiúnta agus an eagna spioradálta a aithint agus a chaomhnú i ngach cultúr a chuireann le caomhnú an chomhshaoil agus le folláine an duine.
- c. A áirithiú go mbeidh faisnéis atá ríthábhachtach do shláinte an duine agus do chosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear faisnéis ghéiniteach, ar fáil san fhearann poiblí.

**III. CEARTAS SÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCH**

**9. An bhochtaineacht a dhíothú mar riachtanas eiticiúil, sóisialta agus comhshaoil.**

- a. An ceart chun uisce inólta, aer glan, slándáil bia, ithir neamhéillithe, foscadh agus sláintíocht shábháilte a ráthú, agus na hacmhainní náisiúnta agus idirnáisiúnta a theastaíonn a leithdháileadh.
- b. Cumhacht a thabhairt do gach duine an t-oideachas agus na hacmhainní chun slí bheatha inbhuanaithe a bhaint amach, agus slándáil shóisialta agus líontáin sábhála a sholáthar dóibh siúd nach bhfuil in ann tacú leo féin.
- c. Na daoine a ndéantar neamhaird orthu a aithint, daoine leochaileacha a chosaint, freastal orthu siúd atá ag fulaingt, agus iad a chumasú chun a gcumas a fhorbairt agus a gcuid mianta a chomhlíonadh.
- d. Áiteanna den scoth a bhfuil tábhacht chultúrtha agus spioradálta leo a chosaint agus a athchóiriú.

**10. A chinntiú go gcuireann gníomhaíochtaí agus institiúidí eacnamaíocha ag gach leibhéal forbairt dhaonna chun cinn ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe.**

- a. Dáileadh cothrom an rachmais a chur chun cinn laistigh de náisiúin agus i measc náisiúin.
- b. Feabhas a chur ar acmhainní intleachtúla, airgeadais, teicniúla agus sóisialta na náisiún i mbéal forbartha, agus iad a mhaolú ó fhiachas dochloíte idirnáisiúnta.
- c. A chinntiú go dtacaíonn gach trádáil le húsáid inbhuanaithe acmhainní, cosaint an chomhshaoil, agus caighdeán saothair forásacha.
- d. A cheangal ar chorparáidí ilnáisiúnta agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta airgeadais gníomhú go trédhearcach ar mhaithe le leas an phobail, agus iad a thabhairt cuntasach as iarmhairtí a ngníomhaíochtaí

**11. Comhionannas inscne agus cothromas a dhearbhu mar réamhriachtanais don fhorbairt inbhuanaithe agus rochtain uilíoch ar oideachas, cúram sláinte agus deiseanna eacnamaíocha a áirithiú.**

- a. Cearta daonna na mban agus na gcailíní a dhaingniú agus deireadh a chur le gach foréigean ina gcoinne.
- b. Rannpháirtíocht ghníomhach na mban i ngach gné den saol eacnamaíoch, polaitiúil, sibhialta, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn mar chomhpháirtithe iomlána agus comhionanna, mar chinnteoirí, mar cheannairí agus mar thairbhíthe.

c. Teaghlach a neartú agus sábháilteacht agus cothú grámhar gach ball den teaghlach a chinntiú.

**12. Seasamh leis an gceart atá ag cách, gan idirdhealú, ar thimpeallacht nádúrtha agus shóisialta a thacaíonn le dínit an duine, le sláinte choirp agus le folláine spioradálta, agus aird ar leith á tabhairt ar chearta na bpobal dúchasach agus na mionlach.**

a. Deireadh a chur le hidirdhealú de gach cineál, mar idirdhealú bunaithe ar chine, dath, gnéas, claonadh gnéasach, reiligiún, teanga, agus bunús náisiúnta, eitneach nó sóisialta.

b. Ceart na ndaoine dúchasacha ar a spioradáltacht, a n-eolas, a gcuid tailte agus a n-acmhainní a dhearbhu agus chun an cleachtas gaolmhar atá acu ar shlí beatha inbhuanaithe.

c. Onóir agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga ár bpobail, ag cur ar a gcumas a ról riachtanach a chomhlíonadh maidir le sochaithe inbhuanaithe a chruthú.

d. Áiteanna den scoth a bhfuil tábhacht chultúrtha agus spioradálta leo a chosaint agus a athchóiriú

#### IV. DAONLATHAS, NEAMHFORÉIGEAN, AGUS SÍOCHÁIN

**13. Institiúidí daonlathacha a neartú ar gach leibhéal, agus trédhearcacht agus cuntasacht a sholáthar maidir le rialachas, rannpháirtíocht chuimsitheach sa chinnteoireacht, agus rochtain ar cheartas.**

a. Seasamh leis an gceart atá ag gach duine faisnéis shoiléir agus thráthúil a fháil ar chúrsaí comhshaoil agus ar gach plean agus gníomhaíocht forbartha ar dóigh dóibh cur isteach orthu nó a bhfuil leas acu iontu.

b. Tacú leis an tsochaí shibhialta áitiúil, réigiúnach agus dhomhanda, agus rannpháirtíocht bhríoch gach duine aonair agus eagraíochtaí leasmhara sa chinnteoireacht a chur chun cinn.

c. Na cearta chun saoirse tuairime, tuairimí a nochtadh, comhthionól síochánta, comhlachais agus easaontas a chosaint.

d. Rochtain éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar bun ar nósanna imeachta breithiúnacha riaracháin agus neamhspleácha, lena n-áirítear leigheasanna agus sásamh as dochar don chomhshaol agus bagairt díobhála den sórt sin.

e. Deireadh a chur le héilliú i ngach institiúid phoiblí agus phríobháideach.

f. Pobail áitiúla a neartú, ag cur ar a gcumas aire a thabhairt dá dtimpeallachtaí, agus freagrachtaí comhshaoil a shannadh do na leibhéil rialtais inar féidir iad a chur i gcrích ar an mbealach is éifeachtaí.

**14. An t-eolas, na luachanna agus na scileanna atá de dhíth le haghaidh slí beatha inbhuanaithe a chomhtháthú san oideachas foirmiúil agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil.**

a. Deiseanna oideachais a sholáthar do chách, go háirithe leanaí agus daoine óga, a chuireann ar a gcumas cur go gníomhach le forbairt inbhuanaithe.

- b. Ranníocaíocht na n-ealaíon agus na ndaonnachtaí chomh maith leis na heolaíochtaí in oideachas inbhuanaitheachta a chur chun cinn.
- c. Feabhas a chur ar ról na meán cumarsáide maidir le feasacht a ardú ar dhúshláin éiceolaíocha agus shóisialta.
- d. An tábhacht a bhaineann le hoideachas morálta agus spioradálta le maireachtáil inbhuanaithe a aithint.

**15. Caitheamh le gach neach beo le meas agus le tuisceana.**

- a. Cosc a chur ar chruachás ainmhithe a choimeádtar i sochaithe daonna agus iad a chosaint ó fhulaingt.
- b. Ainmhithe fiáine a chosaint ar mhodhanna seilge, gaiste agus iascaireachta a chruthaíonn fulaingt mhór, fhadtréimhseach nó inseachanta.
- c. Tóg nó scrios speiceas nach spriocspeicis iad a sheachaint nó a dhíchur a mhéid is féidir.

**16. Cuir cultúr caoinfhulaingthe, neamhfhoreigeain agus síocháin chun cinn.**

- a. Comhthuiscint, dlúthpháirtíocht agus comhar a spreagadh agus a thacú i measc na bpobal uile agus laistigh de náisiúin agus ina measc.
- b. Straitéisí cuimsitheacha a chur i bhfeidhm chun coinbhleacht fhoréigneach a chosc agus úsáid a bhaint as réiteach fadhbanna comhoibríoch chun coinbhleachtaí comhshaoil agus díospóidí eile a bhainistiú agus a réiteach.
- c. Córais slándála náisiúnta a dhímhíleatú go leibhéal staidiúir chosanta neamh-spreagúil, agus acmhainní míleata a thiontú go críocha síochánta, lena n-áirítear athchóiriú éiceolaíoch.
- d. Deireadh a chur le hairm núicléacha, bhitheolaíocha agus tocsaineacha agus airm ollscriosta eile.
- e. A chinntiú go dtacaíonn úsáid spás fithiseach agus spás amuigh le cosaint an chomhshaoil agus le síocháin.
- f. Aithingurb í an tsíocháin an iomláine a chruthaítear trí chaidreamh cearta leis an duine féin, le daoine eile, le cultúir eile, le saol eile, leis an Domhan, agus leis an iomlán níos mó ar cuid díobh go léir.

**AN BHEALACH ROMHAINN**

Mar nach raibh riamh cheana sa stair, cuireann cinniúint choiteann orainn tús nua a lorg. Is geall le prionsabail na Cairte Cruinne seo athnuachan den sórt sin. Chun an gealltanais seo a chomhlíonadh, ní mór dúinn gealltanais a thabhairt dúinn luachanna agus cuspóirí na Cairte a ghlacadh agus a chur chun cinn.

Éilíonn sé seo athrú meoin agus croí uainn. Éilíonn sé idirspleáchais dhomhanda agus freagracht uilíoch uainn. Ní mór dúinn an fhís de shlí mhaireachtála inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le samhlaíocht, go háitiúil, go náisiúnta, go réigiúnach agus go domhanda. Is oidhreacht luachmhar í ár n-éagsúlacht chultúrtha agus gheobhaidh

## CAIRT AN DOMHAIN

cultúir éagsúla a slite sainiúla féin chun an fhís a bhaint amach. Ní mór dúinn an t-idirphlé domhanda a chruthaigh Cairt na Cruinne a dhoimhniú agus a leathnú, mar tá go leor le foghlaim againn ón gcuardach comhoibríoch leanúnach ar fhrinne agus ar ghaois.

Is minic a bhíonn teannas idir luachanna tábhachtacha i gceist leis an saol. Is féidir go gciallódh sé seo roghanna deacra. Mar sin féin, ní mór dúinn bealaí a aimsiú chun éagsúlacht a chomhchuibhiú le haontacht, feidhmiú na saoirse leis an leas coiteann, cuspóirí gearrthéarmacha le spriocanna fadtéarmacha. Tá ról ríthábhachtach ag gach duine, teaghlach, eagraíocht agus pobal. Iarrtar ar na healaíona, na heolaíochtaí, na reiligiúin, na hinstitiúidí oideachais, na meáin, gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus rialtais ceannaireacht chruthaitheach a thairiscint. Tá comhpháirtíocht an rialtais, na sochaí sibhialta, agus gnó ríthábhachtach le haghaidh rialachais éifeachtach.

D'fhonn pobal domhanda inbhuanaithe a thógáil, ní mór do náisiúin an domhain a dtiomantas do na Náisiúin Aontaithe a athnuachan, a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana, agus tacú le cur chun feidhme phrionsabail Chairt na Cruinne le hionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir leis an gcomhshaol agus leis an bhforbairt. Bíodh ár n-am ina chuimhne chun urraim nua don saol a mhúscailt, an rún daingean inbhuanaitheacht a bhaint amach, an streachailt ar son an cheartais agus na síochána a thapú, agus ceiliúradh áthasach na beatha.

---

**BUNÚS NA CAIRTE DOMHANDA** Chruthaigh Coimisiún neamhspleách na Cairte Cruinne an Chairt Talún, a thionóil mar obair leantach ar Chruinniú Mullaigh na Cruinne 1992 chun ráiteas comhdhearcach domhanda ar luachanna agus prionsabail a tháirgeadh le haghaidh todhchaí inbhuanaithe. Forbraíodh an doiciméad thar beagnach deich mbliana trí phróiseas leathan comhairliúcháin idirnáisiúnta, ar chuir breis is cúig mhíle duine leis. Tá an Chairt formhuinithe go foirmiúil ag na mílte eagraíochtaí, lena n-áirítear UNESCO agus an IUCN (World Conservation Union). Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt le do thoil ar <https://EarthCharter.org>.

Aistriúchán le [Phoebe Cope MFA](#) Coimisiúnaithe agus páirtmhaoinithe ag Oideachasóir creidiúnaithe Cairte na Cruinne, an [Dr Cathy Fitzgerald](#), [HaumeaEcoversity.com](https://HaumeaEcoversity.com), clár éiclitearthachta Éireannach do dhaoine cruthaitheacha, oideachasóirí agus gairmithe cultúrtha. Páirtmhaoinithe ag Tionscadal Portach Cheatharlach Droimín, agus ag Éire Ildánach Cheatharlach le tacaíocht ó Oifig Ealaíon Cheatharlach. I gcuimhne ar Fearghal Duffy, scoláire inspioráideach miotasóipeach meánaoiseach Gaelach agus tacadóir paiseanta d'athchóiriú bogach Bhéal Átha Beithe, Muineachán, agus tacadóir díograiseach le Haumea Ecoversity. Deimhnithe ag transferendum.eu Ireland, Meán Fómhair 2025. Buíochas lenár roinn teanga, Transferendum, as cabhrú linn go saoráideach lenár riachtanais teanga trína bpróisis cháilíochta deimhnithe ISO 17100 EN. Faigh tuilleadh eolais ar a suíomh gréasáin ag [transferendum.eu](https://transferendum.eu).